Gaelscoil Naomh Pádraig

Uimhir Rolla: 19940G

Plean Gnímh an Ghaeilge

Tréimhse mheastóireachta:

Meán Fómhair 2022 go Deireadh Fómhair 2024

Plean Gnímh an Ghaeilge 2022/2023

Gníomhaíochtaí 2022-2023

Aidhm:

- An caighdéan Gaeilge atá againn faoi láthair a choinneáil agus a chur chun cinn
- Cultúr nua idir fhoghlaim agus múineadh a chothú i leith an fhadhb réiteach tríd na scoile.
- Níos mó béime a chur ar an nGaeilge labhartha agus ar chruinneas na Gaeilge ar fud na scoile

Athbhreithniú:

- **C**leachtas ranga a phlé uair sa téarma ag an gcruinniú foirne.
- Ar éirigh linn spriocanna na bliana a bhaint amach?
- Céard iad na deacrachtaí / athruithe atá ag teastáil chun ár n-aidhmeanna a bhaint amach?

- **Na rudaí a leanas le feiceáil sna seomraí ranga agus seomraí tacaíochta foghlama:**
  - Clár fógra don Ghaeilge
  - Póstaer botúin Ghaeilge - Póstaer amháin leis na botúin, póstaer eile leis an nath cruinn air.
  - Póstaer séanraí scríobhneoirachta Céad Céimeanna (Rang 1 Rang 6).
  - Céad Cearnóg (Rang 1 – Rang 6).
  - Obair na bpáistí le feiceáil ar chláracha fógraí go rialta.

<u>Le linn an cheachta</u>

- 10 nóiméad a chaitheamh i ngach ceacht le béim ar Fonaicí na Gaeilge ó Rang N.Bheaga - Rang 6, Mar a Déarfá sna bunranganna agus Cód na Gaeilge sna hardranganna.
- Próiséas LDSMRRS le múnlú ag an múinteoir go rialta ina c(h)uid ceachtanna. Na páistí ag obair i mbeirteanna/ grúpaí i rith na seachtaine i mbun ceisteanna bunaithe ar an bhfadhb réiteach.
- Níos mó béim ar an nGaeilge labhartha / Teanga ó bhéal - Ag iarraidh feabhas a chur ar an teanga ó bhéal ón bpaindéime Coróinvíreas.

Le Linn na bliana

Seachtain na Gaeilge

Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Seachtain na Gaeilge. Béim ar chruinneas na Gaeilge go háirithe i rith na seachtaine sin - déanfaidh na hardranganna Nath an Lae thar an gcóras interchuma - ag díriú ar bhotúin coitianta atá le cloisteáil sa chaint timpeall na scoile. Céiliúradh a dhéanamh ar chultúr na Gaeilge i rith na seachtaine sin m.sh. céilí scoile (cleachtadh á dhéanamh sa rang corpoideachas roimh ré), stair - scéalta Fiannaíochta, tóraíocht foclóir Lá Fhéile Pádraig timpeall na scoile. Cuirfidh gach rang mir i láthair do thionól Seachtain na Gaeilge.

Teastas Gaeilgeoir na Seachtaine

Bronnfar teastas Gaeilge 'Gaeilgeoir na Seachtaine' go coicísiúil ag an tionól scoile. Piocfaidh na múinteoirí ranga duine atá tar éis iarracht mhór a dhéanamh ó thaobh na Gaeilge de le ceiliúradh agus moladh os comhair an scoil ar fad.

Aidhm

- Leanúint leis an gcultúr nua maidir le foghlaim agus múineadh na Gaeilge tríd na scoile le béim ar an measúnú
- • scileanna teanga a fheabhsú - Cód na Gaeilge (á thosú go píolótach), Mar a déarfá, Nath na Seachtaine
- • feasachtaí teanga, cultúrtha agus foghlama a chothú - Nath na Seachtaine, Seachtain na Gaeilge
- • stór focal a leathnú agus a shaibhriú
- • díriú ar an teanga mar chóras.i. patrúin teanga a thuiscint • réimeanna éagsúla teanga a thuiscint.

Critéir Rathúla

- Scrúdaithe Caighdéanacha Dromconrach Gaeilge a úsáid mar áis agus uirlis measúnaithe.
-

Athbhreithniú:

- Cleachtas ranga a phlé uair sa téarma ag an gcruinniú foirne.
- Céard iad na deacrachtaí / athruithe atá ag teastáil chun ár n-aidhmeanna a bhaint amach?

Gníomhaíochtaí 2023-2024

Na rudaí ó bhliain 2022/2023 ar lean

Aidhm

- • scileanna teanga a fheabhsú - Cód na Gaeilge (Rang 4 - Rang 6), Mar a Déarfá (N. Bheaga - Rang 3), Nath na Seachtaine. - díriú ar an teanga mar chóras.i. patrúin teanga a thuiscint
- feasachtaí teanga, cultúrtha agus foghlama a chothú - Nath na Seachtaine, Seachtain na Gaeilge
- stór focal a leathnú agus a shaibhriú

Critéir Rathúla

- Scrúdaithe Caighdéanacha Dromconrach Gaeilge a úsáid mar áis agus uirlis measúnaithe.
- Measúnú Cód na Gaeilge a dhéanamh go téarmúil.

Athbhreithniú:

- Cleachtas ranga a phlé uair sa téarma ag an gcruinniú foirne.
- Céard iad na deacrachtaí / athruithe atá ag teastáil chun ár n-aidhmeanna a bhaint amach?

Gníomhaíochtaí:

- Cód na Gaeilge a chur i bhfeidhm sa scoil ó Rang 4 - Rang 6.
- Nath na Seachtaine - Piocfaidh na múinteoirí amach earráidí teanga comónta atá le cloisteáil ina ranganna chun Nath na Seachtaine a chur in iúl don scoil. Díreoidh an scoil ar fad ar an mbotúin canna agus conas an nath / frása a úsáid mar is ceart beidh póstaer crochta timpeall na scoile le Nath na Seachtaine orthu.
- Ábhar/ acmhainní/ úrscéalta a éagrú agus a ordú (más gá)

Gníomhaíochtaí 2024-2025

Na rudaí ó bhliain 2023/2024 ar lean

Aidhm

- • scileanna teanga a fheabhsú - Cód na Gaeilge (Rang 1 - Rang 6), Mar a Déarfá (N. Bheaga agus N. Mhóra), Nath na Seachtaine. - díriú ar an teanga mar chóras.i. patrúin teanga a thuiscint
- feasachtaí teanga, cultúrtha agus foghlama a chothú - Nath na Seachtaine, Seachtain na Gaeilge
- stór focal a leathnú agus a shaibhriú

Critéir Rathúla

- Scrúdaithe Caighdéanacha Dromconrach Gaeilge a úsáid mar áis agus uirlis measúnaithe.
- Measúnú Cód na Gaeilge a dhéanamh go téarmúil.

Athbhreithniú:

- Cleachtas ranga a phlé uair sa téarma ag an gcruinniú foirne.
- Céard iad na deacrachtaí / athruithe atá ag teastáil chun ár n-aidhmeanna a bhaint amach?

Gníomhaíochtaí:

- Cód na Gaeilge a chur i bhfeidhm sa scoil ó Rang 1 - Rang 6.
- Nath na Seachtaine - Piocfaidh na múinteoirí amach earráidí teanga comónta atá le cloisteáil ina ranganna chun Nath na Seachtaine a chur in iúl don scoil. Díreoidh an scoil ar fad ar an mbotúin canna agus conas an nath / frása a úsáid mar is ceart beidh póstaer crochta timpeall na scoile le Nath na Seachtaine orthu.
- Ábhar/ acmhainní/ úrscéalta a éagrú agus a ordú (más gá)
- Cur leis na gcluichí Gaeilge, aipeanna ar na hiPadanna, cluichí ríomhaireachta ionas go mbainfidh na páistí níos mó sult as an nGaeilge.